Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10020/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0413(COD)**

**AGRI 260**
**FORETS 39**
**ENV 490**
**AGRILEG 95**
**CODEC 766**
**IA 65**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9629/25 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16086/23 + ADD 1-5 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha<br>*- Cur chuigeginearálta* |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 22 Samhain 2023, chuir an Coimisiún Eorpach faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Rialachán maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha. Is é atá sa togra seo an príomhthionscnamh reachtach a fógraíodh i 'Straitéis Foraoiseachta nua an Aontais le haghaidh 2030', a foilsíodh in 2021.

2. Is é is aidhm don togra córas faireacháin foraoisí ardcháilíochta a bhunú, arna bhainistiú ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhar leis na Ballstáit, a bheadh bunaithe ar shonraí caighdeánaithe nó comhchuibhithe chun an dul chun cinn a rianú maidir le spriocanna agus cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach i ndáil le foraoisí (lena n-áirítear spriocanna maidir leis an mbithéagsúlacht, an aeráid agus freagairt ar ghéarchéimeanna), chun feabhas a chur ar mheasúnú riosca agus ullmhacht, agus chun tacú le cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe.

3. Mhol an Coimisiún go mbunófaí an Rialachán ar Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an gnáthnós imeachta reachtach).

4. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuir sé a thuairim in iúl an 20 Márta 2024[1]. Chinn Coiste na Réigiún gan tuairim a thabhairt uaidh.

5. I bParlaimint na hEorpa, is iad an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) agus an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI) a láimhseálann an comhad faoin nós imeachta comhchoiste. Is iad Emma Wiesner (Renew, SE) ó Choiste ENVI agus Eric Sar Giacomo (S&D, FR) ó Choiste AGRI na rapóirtéirí atá ainmnithe don chomhad. An 4 Nollaig 2024, bhí seisiún tuairimíochta ag comhaltaí Choiste ENVI agus AGRI leis an gCoimisiún maidir leis an togra. An 13 Eanáir 2025, thionóil coistí ENVI agus AGRI éisteacht phoiblí chomhpháirteach maidir le faireachán ar fhoraoisí. An 18 Feabhra 2025, phléigh an dá choiste dréacht-tuarascáil na gcomhrapóirtéirí. An 20 Márta 2025, rinne ENVI agus AGRI measúnú comhpháirteach ar na leasuithe a cuireadh síos ar an téacs. Tá an vótáil i seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa beartaithe do mhí Mheán Fómhair 2025.

## II. <u>AN OBAIR SA CHOMHAIRLE</u>

6. D'eagraigh Uachtaránacht na Spáinne seisiún tuairimíochta maidir leis an togra sa Chomhairle Comhshaoil an 18 Nollaig 2023. Rinne Uachtaránacht na Beilge foráil do sheisiún tuairimíochta den chineál céanna ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 23 Eanáir 2024 agus chuir sí an dá fhoirmíocht den Chomhairle ar an eolas ina dhiaidh sin an 25 Márta 2024 agus an 24 Meitheamh 2024 faoi seach maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i scrúdú an togra.

---

[1] 8498/24

7. Chun go mbeidh an Chomhairle in ann aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na saincheisteanna trasearnála a chumhdaítear leis an togra reachtach seo, bhunaigh Coiste na mBuanionadaithe meitheal *ad hoc* um fhaireachán ar fhoraoisí an 17 Eanáir 2024. Tuairiscíonn an Mheitheal *ad hoc* maidir le faireachán ar fhoraoisí don fhoirmíocht 'Talmhaíocht agus Iascach' sa Chomhairle agus, ar bhonn rialta, don fhoirmíocht 'Comhshaol' sa Chomhairle.

8. Ag tógáil ar an obair chuimsitheach a rinneadh faoi Uachtaránacht na Beilge, lean Uachtaránacht na hUngáire den phlé teicniúil sa Mheitheal *ad hoc* maidir le faireachán ar fhoraoisí. Eisíodh an chéad téacs comhréitigh ón Uachtaránacht i mí Dheireadh Fómhair 2024[2]. Mar sin féin, d'iarr tromlach mór na dtoscaireachtaí go ndéanfaí plé straitéiseach i gCoiste na mBuanionadaithe sula ndéanfaí plé mionsonraithe ar an téacs comhréitigh atá beartaithe ag an Uachtaránacht.

9. Phléigh Coiste na mBuanionadaithe, ag an gcruinniú a bhí aige an 27 Samhain 2024, cuspóirí agus raon feidhme an togra, a bhreisluach agus an cineál ionstraime ab iomchuí chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus é d'aidhm aige treoir a thabhairt maidir leis an mbealach chun cinn i ndáil leis an gcomhad sin.

10. Sa chruinniú sin den Choiste, mhínigh an Coimisiún go gcuireann an togra leis an bhfaireachán ar fhoraoisí atá á dhéanamh ag na Ballstáit cheana gan dúbailtí a thabhairt isteach. Thairis sin, chuir an Coimisiún in iúl go mbeadh breisluach an togra i gcruinneas agus inchomparáideacht na sonraí foraoise ar leibhéal an Aontais, rud a d'éascódh faireachán ar threochtaí le himeacht ama agus a chuideodh lena áirithiú go gcomhlíonfar le chéile spriocanna aeráide agus na rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta chun stop a chur leis an dífhoraoisiú. Chuideodh sonraí foraoise ardcháilíochta inchomparáide freisin le bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas – lena n-áirítear i réimsí eacnamaíocha a bhaineann le foraoisí, an bithgheilleagar cuir i gcás – agus chuirfeadh siad tuiscint níos fearr ar fáil ar na riachtanais atá le gníomhaíocht chomhchoiteann mar fhreagairt ar dhúshláin a bhaineann le foraoisí, go háirithe na dúshláin sin a eascraíonn as an athrú aeráide.

[2] 13702/24 agus 13119/24 ADD 1

11. Mar fhreagairt ar na mínithe ón gCoimisiún, d'aontaigh formhór mór na dtoscaireachtaí go bhfuil luach ag baint le comhchuibhiú agus caighdeánú sonraí foraoise ar leibhéal an Aontais. Ach thug an chuid is mó toscaireachtaí le fios go láidir gur cheart an togra a shimpliú, a raon feidhme a chúngú i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus, ar an gcaoi sin, díriú ar níos lú príomhtháscairí chun sonraí foraoise a bhailiú a bhfuil breisluach soiléir ag baint leo. Thug an chuid is mó toscaireachtaí le fios go mbeidís i bhfabhar cur chuige ón mbun aníos, ag tógáil ar chomhchuibhiú na sonraí a bailíodh cheana féin sna fardail náisiúnta foraoise agus ailíniú níos fearr leis na hoibleagáidí atá ann cheana maidir le sonraí foraoise a thuairisciú. Thairis sin, dhearbhaigh tromlach na dtoscaireachtaí go bhféadfadh rialachán a bheith ina ionstraim iomchuí chun na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach.

12. Leanadh den obair theicniúil ansin ar leibhéal na meithle agus chuir Uachtaránacht na hUngáire tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an togra faoi bhráid na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 9 Nollaig 2024[3].

13. Leanadh den obair theicniúil le linn Uachtaránacht na Polainne le 6 chruinniú de chuid na Meithle *ad hoc* maidir le faireachán ar fhoraoisí a bhí mar bhonn d'Uachtaránacht na Polainne chun roinnt dréacht-téacsanna comhréitigh a ullmhú. Pléadh an ceathrú hathbhreithniú ar an dréacht-téacs comhréitigh ón Uachtaránacht sa Mheitheal *ad hoc* maidir le faireachán ar fhoraoisí an 4 Meitheamh 2025.

[3] 16255/24

14. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil imní air faoin dréacht-téacs comhréitigh athbhreithnithe seo ón Uachtaránacht, a chuireann baint amach chuspóirí an togra agus an bhreisluach a ghabhann leis i mbaol, dar leis. Measann an Coimisiún go bhfuil comhtháthú na sonraí cianbhraiteachta le sonraí ar an láthair fíor-riachtanach agus, dá bhrí sin, dá ndéanfaí na táscairí a bhfuil faireachán le déanamh ag an gCoimisiún orthu trí fhaire na Cruinne (nó arna dhéanamh ag na Ballstáit má roghnaíonn siad amhlaidh), aon mhapáil agus comhroinnt sonraí ar an láthair arna ndéanamh ag na Ballstáit a scriosadh, bhainfí na breisluachanna is mó den togra, is iad sin feabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán na sonraí foraoise agus léarscáileanna cruinne foraoise a tháirgeadh ar leibhéal an Aontais. Chuir an Coimisiún i bhfios go láidir freisin, trí na táscairí uile a bhaineann le hathléimneacht a scriosadh, go dteipfeadh ar an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht faireachán fíor-ama ar thionchair aeráide ar fhoraoisí an Aontais a chur chun cinn. Chuir an Coimisiún in iúl freisin go ndéanfadh scriosadh mhinicíocht chaighdeánaithe an fhaireacháin difear d'iontaofacht na sonraí foraoise a bhailítear.

15. Thacaigh dhá thoscaireacht leis an togra ón gCoimisiún ón tús agus b'fhearr leo go léireofaí i bhfad níos mó sa dréacht-téacs comhréitigh ón Uachtaránacht na forálacha a mhol an Coimisiún. Mar sin féin, chuir tromlach mór na dtoscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad ar bhonn leanúnach leis na hathruithe a mhol an Uachtaránacht.

16. Ag an gcruinniú a bhí aige an 13 Meitheamh 2025, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe an dréacht-téacs comhréitigh ón Uachtaránacht agus chomhaontaigh sé an chumhacht a thugtar don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh in Airteagal 7(5) a scriosadh, mar a d'iarr roinnt toscaireachtaí le linn an chruinnithe. D'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht mar a leasaíodh é agus chomhaontaigh sé é a tharchur chuig an gComhairle agus a iarraidh ar an gComhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs sin ag an gcruinniú a bheidh aici an 23-24 Meitheamh 2025.

## III. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS COMHRÉITIGH

### Simpliú agus cur chuige ón mbun aníos

17. Ó thús an scrúdaithe ar an togra, b'ábhar mór imní d'fhormhór mór na dtoscaireachtaí an cuspóir beacht a bhí le sonraí éagsúla foraoise a bhailiú ar bhonn na dtáscairí atá in Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn III. Measann líon mór toscaireachtaí nach ndearnadh forbairt leordhóthanach ar roinnt táscairí (ó thaobh na modheolaíochta, an bheachtais, an chruinnis, na minicíochta de agus go háirithe ó thaobh na gcostas breise a bhfuiltear ag dréim leo), fiú má tá sé beartaithe mionchoigeartú sa bhreis a dhéanamh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme tráth is faide anonn. Measann siad freisin gur cosúil go bhfuil roinnt táscairí níos dírithe ar thaighde agus nár cheart, dá bhrí sin, iad a dhéanamh éigeantach ag an gcéim seo.

18. Mar fhreagairt air sin, mhínigh ionadaithe an Choimisiúin go dtugtar forléargas i dTábla 21 den Mheasúnú Tionchair ar na táscairí agus ar na paraiméadair a áirítear sa togra, agus iad nasctha leis na cuspóirí beartais atá beartaithe. Ina theannta sin, ag an Meitheal *ad hoc* maidir le faireachán ar fhoraoisí an 5 Márta 2025, chuir ionadaithe an Choimisiúin 3 thábla i láthair ina raibh mínithe mionsonraithe breise[4] ar na naisc le gníomhartha reachtacha eile atá ann cheana agus ar bhreisluach na dtáscairí atá sa togra.

19. Mar sin féin, ní raibh formhór na dtoscaireachtaí cinnte de bharr na mínithe a thug ionadaithe an Choimisiúin agus lean siad de shimpliú a iarraidh agus de chur in iúl go mbeadh 'cur chuige ón mbun aníos' níos oiriúnaí, eadhon gur cheart go mbeadh treochtaí faireacháin ar an leibhéal náisiúnta mar thúsphointe don cheapadh beartas ar leibhéal an Aontais.

20. Mar fhreagairt ar na hábhair imní a luaitear thuas, thug an Uachtaránacht mír nua isteach in Airteagal 7 agus Iarscríbhinn IIIa nua lena n-áirítear táscairí foraoise a thuairiscigh na Ballstáit cheana féin faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais agus faoi chórais tuairiscithe idirnáisiúnta eile. Ina theannta sin, tá sé beartaithe go ndéanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis faoi fhoraoisí a bhailítear faoi Iarscríbhinn IIIa nua a bhailiú agus a chur ar fáil don phobal trí Chóras Faisnéise Foraoise don Eoraip.

---

[4] WK 2138/2025 + ADD 1-2

**Cianbhraiteacht agus cianmhapáil**

21. Le linn an scrúdaithe ar an togra, chuir go leor toscaireachtaí imní in iúl maidir le cruinneas agus iontaofacht na sonraí a fhaightear trí chianbhraiteacht. Anuas air sin, cheistigh na toscaireachtaí sin na ceanglais atá beartaithe le haghaidh mapála, nach mbíonn a gcuspóirí soiléir i gcónaí ina dtuairimí agus a mbaineann ualach oibre suntasach agus costais arda leo nach léirítear go hiomlán sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra. Tugann siad le fios, fiú má úsáidtear cianbhraiteacht mar an chéad réiteach réamhshocraithe, gur gá fós an mhapáil a eascraíonn as cianbhraiteacht a sheiceáil agus a cheartú trí bhíthin suirbhéanna talún. Measann na toscaireachtaí sin, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, gur cheart gurb iad na Ballstáit a bheadh freagrach i gcónaí as mapáil, mar is iad a bheadh in ann réitigh chostéifeachtacha a cheapadh is oiriúnaí dá sainiúlachtaí féin. Chun dul i ngleic leis na hábhair imní thuasluaite, baintear Iarscríbhinn I agus Airteagal 6 den téacs comhréitigh ón Uachtaránacht agus cuirtear an bhéim maidir le bailiú na sonraí foraoise i dtreo foinsí náisiúnta agus na dtáscairí a áirítear in Iarscríbhinn II.

**Síneadh curtha le hIarscríbhinn II — sonraí arna mbailiú ag na Ballstáit**

22. Chuir formhór na mBallstát i dtábhacht gur cheart córas faireacháin foraoisí an Aontais a bheith bunaithe ar shonraí náisiúnta atá ann cheana agus a fuarthas ó fhoinsí éagsúla. Dá bhrí sin, sa téacs comhréitigh uaithi, molann an Uachtaránacht Iarscríbhinn II a leathnú chun go n-áireofaí inti táscairí arna mbailiú ag na Ballstáit a d'fhéadfadh tacú le faireachán a dhéanamh ar fhoraoisí i gcomhréir le cuspóirí an togra agus faisnéis faoi fhoraoisí a chur ar fáil go poiblí ar leibhéal an Aontais.

**Scriosadh na dtáscairí breise in Iarscríbhinn III**

23. D'iarr líon mór toscaireachtaí go scriosfaí na táscairí breise atá in Iarscríbhinn III, agus iad ag maíomh nár léiríodh a mbreisluach go leordhóthanach. Mar fhreagairt ar an iarraidh sin, molann an Uachtaránacht, sa téacs comhréitigh uaithi, go scriosfar Airteagal 8 agus Iarscríbhinn III.

**An bonn chun sonraí foraoise a bhailiú; coincheap an ‘aonaid foraoise’**

24. Déantar foráil leis an togra ón gCoimisiún chun aonaid foraoise a shainaithint agus a logánú mar bhonn chun comhleanúnachas a bhaint amach le haghaidh na sonraí foraoise a bhailítear, ionas gur féidir athruithe ar chumhdach foraoise agus ar shaintréithe foraoise a rianú le himeacht ama. Mar sin féin, tá imní curtha in iúl ag go leor Ballstát maidir leis an gcóras aitheantais aonad foraoise, eadhon breisluach doiléir an choincheapa, na dúshláin a bhaineann le haonaid foraoise a léirmhíniú, saincheisteanna cosanta sonraí, agus éiginnteachtaí maidir leis an gcaoi a bhféadfadh aonaid foraoise athrú le himeacht ama. Ina theannta sin, níl córas náisiúnta aonad foraoise ag gach Ballstát, mar sin ní fhéadfaí an córas sin a úsáid i gcur chuige ón mbun aníos ar fud an Aontais. Mar fhreagairt ar na hábhair imní sin, bhain an Uachtaránacht an córas aitheantais aonad foraoise den téacs comhréitigh uaithi.

**Comhchuibhiú sonraí agus ról ENFIN**

25. Tá sé curtha in iúl ag go leor toscaireachtaí gur cheart do na Ballstáit féin comhchuibhiú sonraí a dhéanamh, le tacaíocht ón Líonra Eorpach um Fhardal Náisiúnta Foraoise (ENFIN). Mar sin féin, b’fhearr le roinnt toscaireachtaí go ndéanfadh an Coimisiún an próiseas sin a bhainistiú. Chun aghaidh a thabhairt ar na tuairimí éagsúla sin, thug an Uachtaránacht isteach airteagal nua (Airteagal 5a) lena soiléirítear an fhreagracht as comhchuibhiú sonraí. Bunófar an fhormáid réamhshainithe malartaithe sonraí agus an próiseas malartaithe sonraí réamhshainithe trí bhíthin gníomh cur chun feidhme nua.

26. I bhfianaise stádas reatha ENFIN agus ról na mBallstát ina fhorbairt, moltar sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht freisin go n-áireofaí tagairt don chomhar le ENFIN sa bhrollach. Ina theannta sin, cheadódh forálacha in Airteagal 5a(2) do ENFIN cúnamh a thabhairt do na Ballstáit sa phróiseas comhchuibhithe.

**Pleananna comhtháite náisiúnta foraoise fadtéarmacha**

27. Ní aontaíonn tromlach mór na dtoscaireachtaí leis na pleananna fadtéarmacha comhtháite náisiúnta foraoise atá beartaithe, fiú ar bhonn deonach. Measann siad nach bhfuil cuspóirí na bpleananna náisiúnta sin soiléir agus, agus prionsabal na coimhdeachta á chur i bhfeidhm, gur cheart go bhfanfadh pleananna agus/nó straitéisí foraoise náisiúnta faoi inniúlacht na mBallstát. Mar fhreagairt ar na hábhair imní sin, scrios an Uachtaránacht na forálacha sin (Airteagal 13 agus Iarscríbhinn IV) sa téacs comhréitigh uaithi.

## IV. CONCLÚID

28. Iarrtar ar an gComhairle (Talmhaíocht agus Iascach) teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo ag an gcruinniú a bheidh aici an 23-24 Meitheamh 2025.

**IARSCRÍBHINN**

2023/0413 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cumhdaíonn foraoisí agus coillearnach eile gar do leath de dhromchla talún an Aontais agus tá ról lárnach acu maidir le maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú dó, maidir le bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú, lena n-áirithítear bithgheilleagar láidir foraoise agus ceantair thuaithe rathúla, lena gcaomhnaítear an oidhreacht chultúrtha, chomh maith le deiseanna áineasa agus oideachais a sholáthar d'fholláine shaoránaigh an Aontais. Soláthraíonn foraoisí seirbhísí ríthábhachtacha éiceachórais mar shampla rialáil na haeráide, íonú an aeir, soláthar agus rialáil an uisce, rialú tuilte agus creimthe, gnáthóg don bhithéagsúlacht, acmhainní géiniteacha. Tacaíonn éiceachórais shláintiúla foraoise a bhainistítear go hinbhuanaithe le cuid shuntasach den bhithgheilleagar san Aontas, lena soláthraítear an t-amhábhar (adhmad agus táirgí neamhadhmadúla, mar shampla, plandaí bia agus plandaí leighis) le haghaidh earnálacha éagsúla, agus tá na slabhraí luacha foraoisbhunaithe leathnaithe ag tacú le 4.5 milliún post san Aontas faoi láthair.

(1a) Anuas air sin, tá an talamh faoi fhoraois ar na nithe is mó a chuireann le linn charbóin an Aontais agus ba cheart ról fíor-riachtanach a bheith aici i maolú an athraithe aeráide agus dul in oiriúint do spriocanna aeráide agus gealltanais Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Dlí Aeráide Eorpach')[3] á gcomhlíonadh, lena n-áirítear cuspóir an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus an pacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55', go háirithe na hoibleagáidí faireacháin nua a tugadh isteach le Rialachán athbhreithnithe (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] maidir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Rialachán ÚTAÚTF')[5]. Tá talamh faoi fhoraois faoi réir oibleagáidí eile freisin, mar shampla, na hoibleagáidí sin a bhaineann le cosaint speiceas agus gnáthóg faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle[6], le dífhoraoisiú faoi Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán maidir le Dífhoraoisiú')[7], [athbhunú dúlra i Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]] agus le fuinneamh inathnuaite faoi Threoir (AE) 2018/2001

---

3 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj.

4 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj

5 Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/841/oj).

6 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

7 Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ) IO L 150, 9.6.2023, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1115/oj).

8 Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 (IO L, 2024/1991, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1991/oj).

ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite')[9]. Tá foraoisí agus foraoiseacht ríthábhachtach freisin chun príomhthosaíochtaí a bhaint amach, cuir i gcás Bauhaus Eorpach Nua[10] nó Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais[11].

(2) Mar sin féin, mar thoradh ar thriomaigh gan fasach, ráigeanna ciaróg choirte agus loscadh falscaithe arna spreagadh ag an athrú aeráide, tá críonadh siar suntasach crann agus caillteanas sealadach foraoisí i go leor Ballstát le blianta beaga anuas. Meastar go dtiocfaidh méadú breise ar mhinicíocht agus ar dhéine an athraithe aeráide agus na hadhaimsire. Tá sciar mór d'fhoraoisí an Aontais leochaileach dá n-éifeachtaí, agus tá iarmhairtí díobhálacha ann d'úinéirí foraoise, do thionscail fhoraois-bhunaithe agus do shlabhraí luacha, do shlite beatha tuaithe agus don bhithéagsúlacht foraoise, rud a imríonn tionchar diúltach ar acmhainneacht foraoisí seirbhísí ríthábhachtacha éiceachórais a sholáthar a bhfuil folláine shaoránaigh an Aontais agus an bhithgheilleagair san Aontas ag brath orthu. Is rioscaí trasteorann iad rioscaí mar shampla falscaithe agus ráigeanna de lotnaidí agus tá siad ag méadú leis an athrú aeráide. Fágann sé sin go mbíonn costais níos airde ann chun iad a chosc agus cuireann sin le luaineacht an mhargaidh adhmaid. Tá foraoisí na hEorpa ag fulaingt tionchair eacnamaíocha cheana féin ó dhóiteáin foraoise de thart ar 1.5 billiún euro in aghaidh na bliana, agus táthar ag tuar go laghdóidh teochtaí atá ag méadú luach na talún foraoise na céadta billiún euro faoi dheireadh an chéid mar gheall ar athruithe ar chomhdhéanamh na speiceas.

---

9 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú), (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *New European Bauhaus: Beautiful, Sustainable, Together* [Bauhaus Eorpach Nua: Ealaíonta, Inbhuanaithe, Cuimsitheach] (COM(2021) 573 final).

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Nuálaíocht don Fhás Inbhuanaithe: Bithgheilleagar don Eoraip (COM/2012/060 final).

(3) Chun aghaidh a thabhairt ar na treochtaí diúltacha agus ar na bagairtí diúltacha sin, chun a áirithiú gur féidir le foraoisí san Aontas leanúint dá bhfeidhmeanna iolracha a chomhlíonadh faoi aeráid atá ag athrú, agus chun éiceachórais foraoise a chaomhnú mar oidhreacht nádúrtha, is gá cosc níos fearr ar thubaiste foraoise, ullmhacht, freagairt agus téarnamh iarthubaiste ina leith, feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht chun feabhas a chur ar athléimneacht foraoise i gcoinne tionchar i ngeall ar an aeráid, cumas níos láidre chun rioscaí a bhainistiú agus cineálacha cur chuige oiriúnaitheach maidir le bainistiú foraoise.

(4) Ní féidir leis na Ballstáit, le húinéirí foraoise ná leis an Aontas na gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh ach amháin má tá sonraí agus faisnéis foraoise atá comhleanúnach, iontaofa, tráthúil, inchomparáide agus ar ardchaighdeán acu. Chuige sin, ba cheart córas faireacháin foraoisí uile-Eorpach a chur ar bun chun faisnéis chomhchuibhithe faoi na foraoisí a bhailiú agus a chomhroinnt. Ba cheart leas iomlán a bhaint as na córais faireacháin náisiúnta atá ann cheana chun an dúbailt agus ualaí breise riaracháin a sheachaint. D’fhéadfadh an córas sin rannchuidiú le tuiscint níos fearr a fháil ar threochtaí sonracha a dhéanann difear do na foraoisí, agus tacú leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis na foraoisí, lena n-áirítear na rioscaí atá ann agus an damáiste a d’fhéadfadh a dhéanamh a shainaithint agus freagairt dóibh go tráthúil.

(5) […]

(6) […]

(7) Bailíodh an chuid is mó de na sonraí maidir le foraoisí ar an leibhéal náisiúnta trí fhardail náisiúnta foraoise. Go stairiúil, is ar fholláine na foraoise agus ar úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní adhmaid a díríodh go príomha, ach le blianta beaga anuas cuireadh feidhmeanna foraoise eile san áireamh. Is féidir le líonra ENFIN rannchuidiú le hinfhaighteacht sonraí cáilíochta inchomparáide ar fud na réimsí beartais ábhartha uile. Ar an iomlán, leis an bhfaireachán ar fhoraoisí atá ann faoi láthair san Aontas, ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh i dtreo córas níos comhchuibhithe, bunaithe ar chur chuige céim ar chéim ón mbun aníos trí na fardail náisiúnta foraoise agus a líonra ábhartha, chun a áirithiú go mbaileofar na sonraí agus go gcomhroinnfear iad go córasach agus i gcomhréir le tuairiscí coiteanna agus amshraitheanna fada inchomparáide.

(7a) Tá na fardail náisiúnta foraoise á ndéanamh le blianta fada ar fud go leor Ballstát agus is foinse sonraí iad atá seanbhunaithe, láidir ó thaobh na heolaíochta de agus fíoraithe ar an láthair maidir le staid agus forbairt na bhforaoisí. Dá réir sin, ba cheart sonraí na bhfardal náisiúnta foraoise a bheith ina bpríomhthagairt agus mar bhunús leis an bhfaireacháin a dhéantar ar fhoraoisí ar leibhéal an Aontais, lena n-áiritheofar comhsheasmhacht, iontaofacht agus inchomparáideacht na faisnéise le himeacht ama.

(8) […]

(9) […]

(10) […]

(11) I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart don Choimisiún córas faireacháin foraoisí a bhunú i gcomhar leis na Ballstáit, bunaithe ar dhá ghné ar cheart iad a dhéanamh oibríochtúil de réir a chéile: creat bailithe sonraí foraoisí agus creat comhroinnte faisnéise foraoisí. Leis an gcóras faireacháin foraoisí, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann sonraí a bhailiú chun faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún, bunaithe ar na córais atá acu cheana, lena n-áirítear na fardail náisiúnta foraoise, faire na cruinne agus foinsí ábhartha eile, i gcás ina mbeidh fáil orthu. Beidh solúbthacht ag na Ballstáit go fóill maidir le foinsí sonraí foraoise a roghnú chun críoch reachtaíocht eile de chuid an Aontais agus maidir lena gcórais náisiúnta faireacháin foraoisí a dhearadh agus a bhainistiú. Ba cheart don chóras faireacháin foraoisí na prionsabail a leagtar síos leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta is déanaí a urramú[12].

(12) […]

(13) […]

(14) […]

---

[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 23.3.2017 - An Creat Idir-Inoibritheachta Eorpach – Straitéis Cur Chun Feidhme (COM(2017) 134 final).

(15) D'fhonn costais a laghdú agus rochtain ar fhaisnéis faoi fhoraoisí a éascú, ba cheart a áirithiú, leis an gcreat comhroinnte […] faisnéise foraoisí, go mbeidh rochtain phoiblí ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún ar na sonraí sin, lena n-áirítear sa Chóras Faisnéise Foraoise don Eoraip. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann leanúint de na córais bailithe sonraí atá acu cheana féin a úsáid chun an fhaisnéis faoi foraoisí a chomhchuibhiú.

(15a) Chun córas solúbtha faireacháin foraoisí a thógáil agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, féadfaidh na Ballstáit a roghnú an cúram a chur ar an gCoimisiún an próiseas comhchuibhithe a chur i gcrích lena n-áiritheofar na dianchoimircí rúndachta uile is gá le haghaidh na sonraí a sholáthraítear. Beidh na Ballstáit in ann sainordú a thabhairt don Choimisiún a bhforbairt a leanúint thar a gceann.

(15b) Is iomchuí cás sonrach na réigiún is forimeallaí san Aontas a chur san áireamh, mar a liostaítear in Airteagal 349 CFAE. Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na réigiúin is forimeallaí mar gheall ar ghnéithe sonracha na gcríoch sin, cuir i gcás a n-iargúltacht, a n-oileánachas, a dtopagrafaíocht agus a n-aeráid achrannach . Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh cuid de na hoibleagáidí maidir le bailiú sonraí agus faisnéis faoi fhoraoisí atá sa Rialachán seo, nó iad ar fad, a chomhlíonadh go deonach maidir leis na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE.

(15c) Chun comhsheasmhacht le gníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais a bhaineann le foraoisí a áirithiú, ba cheart a áireamh sa chóras faireacháin foraoisí an fhaisnéis faoi fhoraoisí atá ar fáil, arna tuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1991 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869, Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil, Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le rialachas an aontais fuinnimh agus gníomhú ar son na haeráide, Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine, agus Rialachán (CE) Uimh. 1737/2006 ón gCoimisiún maidir le faireachán ar fhoraoisí agus idirghníomhaíochtaí comhshaoil sa Chomhphobal. Tá sé tábhachtach éifeachtúlacht an chórais faireacháin foraoisí a áirithiú tríd an bhfaisnéis ábhartha uile faoi fhoraoisí a chur san áireamh i gCóras Faisnéise Foraoise don Eoraip.

(15d) Níor cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo maidir le láithreáin mhíleata ná sonraí foraoise atá cosanta ar chúiseanna slándála náisiúnta nó cosanta.

(16) […]

(17) Rannchuidíonn an Rialachán seo le cur chun feidhme Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, arna ghlacadh in Aarhus an 25 Meitheamh 1998, a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, trí infhaighteacht, trédhearcacht agus inrochtaineacht na faisnéise comhshaoil a bhaineann le foraoisí a fheabhsú.

(18) Chun comhoiriúnacht na gcóras stórála agus malartaithe sonraí a áirithiú maidir le sonraí foraoise a bhailiú agus a chomhroinnt faoin gcóras faireacháin foraoisí, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit oibriú i gcomhar lena chéile, agus comhlachtaí speisialaithe a bheith rannpháirteach ann freisin. Féadfar an comhar sin a thionól laistigh den Bhuanchoiste Foraoiseachta arna bhunú le Cinneadh [X/X] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13].

[13] Cinneadh (AE) X/X ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... lena leasaítear Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle lena mbunaítear Buanchoiste Foraoiseachta (IO …)

(19) Ba cheart a áirithiú leis an gcóras faireacháin foraoisí go bhfuil an fhaisnéis a chomhroinntear iontaofa agus infhíoraithe. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit cáilíocht agus iomláine na sonraí foraoise a bhailítear agus an fhaisnéis a chomhroinntear faoin gcóras faireacháin foraoisí a áirithiú.

(20) Chun tacú leis na Ballstáit maidir le faireachán ar fhoraoisí, ba cheart go mbunófaí leis an Rialachán seo creat maidir le comhordú agus comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus i measc na mBallstát, chun feabhas a chur ar cháilíocht, ar thráthúlacht agus ar chumhdach comhchuibhiú na sonraí foraoise agus na comhroinnte faisnéise. Ba cheart don chreat comhair a bheith cuimsitheach agus eolaíochtbhunaithe agus ba cheart é a bheith mar aidhm leis tuilleadh feabhais a chur ar iontaofacht na comhairle eolaíche agus ar cháilíocht agus raon feidhme na faisnéise, agus ar an gcaoi sin an malartú eolais agus dea-chleachtais a éascú. Leis an gcreat sin, ba cheart rannpháirtíocht na n-údarás inniúil atá freagrach as na cuspóirí beartais éagsúla a áirithiú lena léirítear ilfheidhmiúlacht na bhforaoisí chomh maith le saineolaithe neamhspleácha i gcomhréir le Cinneadh [X/X] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14]. Chun an creat comhair sin a chur chun feidhme, ba cheart do gach Ballstát comhfhreagraithe náisiúnta a ainmniú agus an Coimisiún a chur ar an eolas; ba cheart gurb iad na comhfhreagraithe náisiúnta na príomhphointí fócais d'aon ghníomhaíocht a bhaineann leis an gcóras faireacháin foraoisí. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún úsáid a bhaint as struchtúir um chomhar institiúideach réigiúnach atá ann cheana, lena n-áirítear iad siúd faoi Choinbhinsiúin réigiúnacha agus fóraim agus próisis ábhartha foraoise eile.

(21) […]

**14** Cinneadh (AE) X/X ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... lena leasaítear Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle lena mbunaítear Buanchoiste Foraoiseachta (IO …).

(22) […]

(23) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le rialacha agus nósanna imeachta teicniúla chun faisnéis a chomhroinnt agus a formáid malartaithe sonraí chun críoch comhchuibhithe. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15].

(24) Ba cheart don Choimisiún leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo, agus na forbairtí ábhartha a bhaineann le reachtaíocht an Aontais, creataí idirnáisiúnta agus dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch agus riachtanais faireacháin bhreise á gcur san áireamh. Ba cheart measúnú a dhéanamh san athbhreithniú freisin ar cháilíocht an chomhchuibhithe sonraí. 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún tuairisc a thabhairt ar a chur chun feidhme.

(24a) I gcomhthéacs an athbhreithnithe, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar acmhainneacht athraitheach na dteicneolaíochtaí um fhaire na Cruinne agus sonraí *in-situ* a bhaineann leis an oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide, chomh maith le hathléimneacht foraoise, cuir i gcás comhdhéanamh speiceas crann agus meascáin speiceas crann, struchtúir chlampa, suaitheadh foraoise agus ceapadh carbóin. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh freisin ar an ngá atá le leasuithe ar shonraíochtaí teicniúla na faisnéise atá sa Rialachán cheana féin. Ba cheart aon fhorbairt a dhéanfar amach anseo a bheith costéifeachtach, láidir ó thaobh na heolaíochta de agus comhlántach leis na córais náisiúnta atá ann cheana, agus na riachtanais chomhchuibhithe nó chaighdeánaithe is gá á gcur san áireamh.

---

**15** Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(24b) Ba cheart don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin iomchuí agus an t-athbhreithniú á ullmhú, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Féadfaidh an Coimisiún sainghrúpa a bhunú chun na críche sin. Féadfar an cuireadh chuig an ngrúpa saineolaithe a leathnú chuig ENFIN, chuig struchtúir chomhair institiúideacha réigiúnacha agus chuig comhlachtaí idirnáisiúnta agus nuair is ábhartha, chuig Foraoisí ICP. Chun trédhearcacht an phróisis athbhreithnithe a áirithiú, ba cheart Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go rialta faoi.

(24c) Le Clár Copernicus, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696[16], soláthraítear rochtain oscailte, saor in aisce ar shonraí um fhaire na Cruinne, lena n-áirítear sonraí satailíte, a bhfuil ról lárnach acu maidir le tacú le faireachán agus bainistiú riosca ar fhoraoisí, cuir i gcás falscaithe, triomaigh, nó ráigeanna lotnaidí. Is tráthúla agus is eolaí an chinnteoireacht sa bheartas foraoise ar fud an Aontais a bhuí leis na sonraí cianbhraiteachta a chuirtear ar fáil trí Copernicus. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh na Ballstáit a roghnú dul i gcomhar leis an gCoimisiún trí shonraí foraoise *in situ* a sholáthar chun faisnéis chianbhraiteachta a chalabrú, rud a chuirfidh borradh faoi fhorbairt Chlár Copernicus.

(25) Tá foraoisí laistigh den Aontas Eorpach agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí ríthábhachtach don Chomhaontú Glas don Eoraip agus dá chuspóirí. Tá réimse inniúlachtaí ag an Aontas a d'fhéadfadh a bheith bainteach le foraoisí mar shampla an aeráid, an comhshaol, forbairt tuaithe, agus cosc tubaistí. Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon ardcháilíocht agus inchomparáideacht na faisnéise faoi fhoraoisí a roinntear san Aontas a áirithiú agus iarrachtaí na mBallstát a chur chun cinn chun ilfheidhmiúlacht agus athléimneacht na bhforaoisí laistigh den Aontas Eorpach a choimirciú agus a chothabháil, a bhaint amach go leordhóthanach ina n-aonar, agus de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, is fearr is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréire, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar an méid atá riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

---

**16** Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL 1
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
*Ábhar*

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos creat faireacháin foraoisí don Aontas trí fhoráil a dhéanamh maidir leis na rialacha seo a leanas:

(a) rannchuidiú le tráthúlacht, cruinneas, comhsheasmhacht, trédhearcacht, inchomparáideacht agus iomláine na faisnéise faoi foraoisí laistigh den Aontas agus a n-inrochtaineacht phoiblí a áirithiú;

(b) […]

(c) comhar neartaithe a bhunú idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le faisnéis faoi fhoraoisí a chomhroinnt.

(c nua) agus cás sonrach na réigiún is forimeallaí á chur san áireamh.

2. Leagtar síos sa Rialachán seo rialacha maidir le faisnéis inrochtana chomhchuibhithe a bhailiú agus a chur ar fáil chun tacú leis na nithe seo a leanas:

(d) cur chun feidhme reachtaíocht agus beartais an Aontais a bhaineann le caomhnú, athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe na foraoisí agus a gcuid seirbhísí, agus foraoisí ilfheidhmeacha athléimneacha á gcosaint agus á bhforbairt, lena n-áirítear i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide;

(b) bithéagsúlacht;

(c) riosca tubaiste a chosc agus a bhainistiú;

(d) sláinte foraoise;

(e) úsáid bithmhaise foraoise chun críoch socheacnamaíoch éagsúil;

(f) […]

(e) seasmhacht foraoise a mhéadú in aghaidh falscaithe, lotnaidí, triomaigh agus suaití eile.

2a. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le láithreáin mhíleata ná sonraí foraoise atá cosanta ar chúiseanna slándála náisiúnta nó cosanta.

2b. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na réigiúin is forimeallaí.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) […]

(2) […]

(3) […]

(4) ciallaíonn 'sonraí foraoise' sonraí príomhúla neamhphróiseáilte amha, cuir i gcás sonraí *in situ* nó íomhánna cianbhraiteachta;

(5) ciallaíonn 'faire na cruinne' bailiú sonraí faoi chórais fhisiceacha, cheimiceacha agus bhitheolaíocha an Domhain trí theicneolaíochtaí cianbhraiteachta mar shampla satailítí nó aerardáin a iompraíonn íomháú nó braiteoirí eile;

(6) ciallaíonn 'foraois' foraois de réir bhrí an tsainmhínithe ar an Measúnú ar Acmhainní Foraoise Domhanda (FRA) de chuid na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta sa leagan is cothroime le dáta de agus na nótaí míniúcháin a ghabhann leis, seachas nóta míniúcháin 9[17];

(7) ciallaíonn 'coillearnach eile' talamh seachas foraois, de réir bhrí an tsainmhínithe ar an Measúnú ar Acmhainní Foraoise Domhanda (FRA) de chuid na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta sa leagan is cothroime le dáta de agus na nótaí míniúcháin a ghabhann leis;

(8) ciallaíonn 'comhchuibhiú' próiseas lena n-úsáidtear na sonraí atá ar fáil a bhailítear trí chórais faireacháin éagsúla chun faisnéis inchomparáide faoi fhoraoisí a dhíorthú ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le tuairisc thagartha chomhaontaithe;

(9) […]

(10) ciallaíonn 'sonraí *in situ*' sonraí a bhailítear ar an láthair trí líonra láithreán faireacháin, mar shampla na suíomhanna sin a úsáidtear le haghaidh fardail foraoise, de réir prótacail arna gcaighdeánú go náisiúnta.

(10a) ciallaíonn 'faisnéis faoi fhoraoisí' sonraí próiseáilte, struchtúrtha agus comhiomlánaithe faoi fhoraoisí a bhaineann le staid na bhforaoisí agus lena n-úsáid.

---

[17] Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, 2025. Measúnú ar Acmhainní Foraoise Domhanda 2025. Téarmaí agus Sainmhínithe an Mheasúnaithe ar Acmhainní Foraoise 2025. Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO). Measúnú ar Acmhainní Foraoise – Páipéar Oibre Uimh. 194.

# CAIBIDIL 2
# FAIREACHÁN AR FHORAOISÍ

*Airteagal 3*

*An córas faireacháin foraoisí*

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 11, córas faireacháin foraoisí a bhunú agus a oibriú ina mbeidh na gnéithe seo a leanas:

   (a) […]

   (b) creat bailithe sonraí foraoisí, mar a leagtar amach in Airteagal 5;

   (c) creat comhroinnte faisnéise foraoisí, mar a leagtar amach in Airteagal 7.

2. Is éard a bheidh sa chóras faireacháin foraoisí bunachar sonraí leictreonacha agus cuirfidh sé ar chumas an Choimisiúin malartú faisnéise agus comhtháthú faisnéise faoi fhoraoisí le bunachair sonraí leictreonacha eile a éascú.

   Leis an gcóras faireacháin foraoisí, áiritheofar bailiú rialta agus córasach na sonraí foraoisí a leagtar amach sa Rialachán seo trí cheann amháin nó níos mó de na foinsí seo a leanas:

   (a) Sonraí foraoise um fhaire na cruinne ar bhonn orta-íomhánna san aer nó sa spás, trí shatailítí Copernicus nó trí chórais choibhéiseacha eile;

   (b) sonraí *in situ* trí líonra láithreán faireacháin;

   (c nua) foinsí ábhartha eile.

3. Féadfaidh an Coimisiún cabhair a lorg ó struchtúir chomhair institiúideacha réigiúnacha atá ann cheana, lena n-áirítear iad siúd faoi Choinbhinsiúin réigiúnacha agus fóraim agus próisis eile atá ábhartha maidir le foraoisí, chun bunú agus oibriú an chórais faireacháin foraoisí a éascú agus chun comhairle theicniúil maidir le faireachán ar fhoraoisí a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát.

4. Cabhróidh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit an córas faireacháin foraoisí a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Córas Faisnéise Foraoise don Eoraip a fhorbairt agus a oibriú.

5. Roinnfidh an Coimisiún na sonraí um fhaire na Cruinne a tháirgeann sé saor in aisce le húdaráis na mBallstát atá inniúil ar an gcóras faireacháin foraoisí nó le soláthraithe seirbhísí atá údaraithe ag na húdaráis sin chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann.

*Airteagal 4*

*Córas aitheantais atá sainráite ó thaobh na tíreolaíochta de le haghaidh aonad foraoise*

[…]

*Airteagal 5*

*Creat bailithe sonraí foraoisí*

1. Beidh an creat bailithe sonraí foraoisí oibríochtúil faoi *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, maidir le bailiú na sonraí foraoisí dá dtagraítear i mír 3 i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. […]

3. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas faoi fhoraoisí ar fáil:

   (a) limistéar foraoise;

   (aa) cineál na foraoise;

   (ab) coillearnach eile;

   (ac) bithmhais os cionn talún;

   (b) méid an stoic atá ag fás;

   (c) glan-incrimint bhliantúil;

   (d) […]

   (e) comhdhéanamh agus saibhreas speiceas na gcrann;

   (f) […]

   (g) […]

   (h) adhmad marbh;

(i) […]

(j) […]

(k) limistéar na bhforaoisí príomhúla agus na bhforaoisí seanfháis;

(l) limistéar foraoise faoi chosaint;

(m) […]

(n) […]

4. Chun críocha mhír 3, baileoidh na Ballstáit sonraí *in situ* ar bhonn suirbhéanna ar an talamh in éineacht le sonraí um fhaire na Cruinne, i gcás inarb iomchuí, agus sonraí ó fhoinsí faisnéise ábhartha eile. Bunófar na suirbhéanna ar an talamh ar líonra láithreán faireacháin, lena n-áirítear dóibh siúd a úsáidtear le haghaidh na bhfardal náisiúnta foraoise, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin. Beidh na láithreáin faireacháin ionadaíoch ar limistéar foraoise an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 3, pointe (a), agus comhsheasmhach leis an limistéar sin.

5. Agus an fhaisnéis faoi fhoraoisí a liostaítear i mír 5(3) á roinnt ag na Ballstáit i gcomhréir leis an minicíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II, féadfaidh siad an méid seo a leanas a úsáid:

(a) na sonraí is déanaí atá ar fáil;

(b) meastacháin, lena n-áirítear tuartha agus meáin ghluaisteacha, bunaithe ar thimthriallta náisiúnta fardail foraoise;

(c) nuashonruithe bliantúla ar shonraí.

*Airteagal 5a*

*An próiseas comhchuibhiúcháin*

1. Déanfaidh na Ballstáit comhchuibhiú ar na sonraí foraoise chun an fhaisnéis faoi fhoraoisí a liostaítear in Airteagal 5(3) a sholáthar i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. Féadfaidh na Ballstáit cúnamh a lorg ón gCoimisiún nó ó struchtúir agus comhlachais chomhair institiúideacha atá ann cheana, lena n-áirítear iad siúd faoi Choinbhinsiúin réigiúnacha agus fóraim agus próisis eile atá ábhartha maidir le foraoisí chun comhchuibhiú a dhéanamh.

3. Féadfaidh na Ballstáit a roghnú go ndéanfaidh an Coimisiún comhchuibhiú na faisnéise a liostaítear in Airteagal 5(3) i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Na Ballstáit a roghnóidh sin, soláthróidh siad don Choimisiún na sonraí foraoise is gá chun meastachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a liostaítear in Airteagal 5(3), bliain amháin ar a laghad roimh thuairisciú ar an bhfaisnéis foraoise lena mbaineann.

4. I gcás ina roghnóidh Ballstát an rogha dá bhforáiltear i mír 3, roinnfidh an Coimisiún an fhaisnéis theoranta, shlán agus chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 5(3) i gcomhréir le hAirteagal 7(3).

5. […]

*Airteagal 6*

*Rogha gan a bheith páirteach*

[…]

*Airteagal 7*

*Creat comhroinnte faisnéise foraoisí*

1. Faoi [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], roinnfidh na Ballstáit an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil faoi fhoraoisí dá dtagraítear in Airteagal 5(3) i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. […]

3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis seo a leanas ar fáil go poiblí i gCóras Faisnéise Foraoise don Eoraip:

(a) […]

(b) an fhaisnéis arna comhroinnt i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo;

(c) […]

(d) […]

3a. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis faoi fhoraoisí atá ar fáil ar fáil go poiblí i gCóras Faisnéise Foraoise don Eoraip, ar faisnéis í a liostaítear freisin in Iarscríbhinn IIIa agus a thuairiscíonn na Ballstáit i gcomhréir le ceanglais gníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais a bhaineann le foraoisí agus le ceanglais córas tuairiscithe ábhartha eile:

(a) limistéar na ngnáthóg foraoise laistigh de láithreáin Natura 2000;

(b) innéacs éan foraoise coiteann;

(c) bithmhais foraoise le haghaidh bithfhuinnimh;

(d) nascacht foraoisí;

(e) aistrithe;

(f) limistéar foraoise atá ar fáil chun adhmad a sholáthar agus foraois nach bhfuil ar fáil chun adhmad a sholáthar;

(fa) táirgí adhmaid a tháirgeadh agus a thrádáil;

(fb) dóiteáin foraoise;

(fc) sciar na bhforaoisí ag a bhfuil struchtúr corraoiseach.

4. […]

5. […]

5a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear an fhormáid malartaithe sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 5a(3) agus na rialacha agus na nósanna imeachta maidir leis an bhfaisnéis faoi fhoraoisí a chomhroinnt faoin Rialachán seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

*Airteagal 8*

*Sonraí foraoise a chomhroinnt*

[…]

*Airteagal 9*

*Córais chomhoiriúnacha stórála agus malartaithe faisnéise foraoisí*

1. Oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit i gcomhar le chéile chun córais chomhoiriúnacha stórála agus malartaithe faisnéise a fhorbairt chun faisnéis faoi fhoraoisí a bhailiú agus a chomhroinnt faoin gcóras faireacháin foraoisí, le cúnamh ó na struchtúir chomhair institiúideacha réigiúnacha atá ann cheana, lena n-áirítear na struchtúir sin faoi Choinbhinsiúin réigiúnacha agus fóraim agus próisis eile atá ábhartha maidir le foraoisí, dá dtagraítear in Airteagal 3(3).

2. […]

*Airteagal 10*

*Rialú cáilíochta ar fhaisnéis faoi fhoraoisí*

1. Beidh na Ballstáit freagrach as cáilíocht agus iomláine na faisnéise faoi fhoraoisí a bhailíonn siad agus a chomhroinneann siad faoin gcóras faireacháin foraoisí.

2. Déanfaidh na Ballstáit, le minicíocht na comhroinnte faisnéise dá dtagraítear sna hIarscríbhinní, measúnú ar cháilíocht na faisnéise faoi fhoraoisí a chomhroinneann siad faoi seach i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. […]

4. […]

# CAIBIDIL 3
# COMHAR COMHTHÁITE

*Airteagal 11*

*Comhordú agus comhar*

1. Comhordóidh na Ballstáit agus an Coimisiún a gcuid iarrachtaí agus rachaidh siad i gcomhar lena chéile chun feabhas a chur ar cháilíocht, ar thráthúlacht agus ar chumhdach na faisnéise faoi fhoraoisí.

2. […]

3. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar lena chéile agus déanfaidh siad comhordú ar a ngníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar cháilíocht, ar thráthúlacht agus ar chumhdach na sonraí agus na faisnéise faoi foraoisí.

4. Féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún cúnamh a lorg ó struchtúir chomhair institiúideacha réigiúnacha agus comhlachtaí idirnáisiúnta atá ann cheana agus féadfaidh siad iad a úsáid, lena n-áirítear iad siúd faoi Choinbhinsiúin réigiúnacha agus fóraim foraoisí Eorpacha eile agus próisis ábhartha d’fhardail foraoise agus d’fhaireachán foraoise.

*Airteagal 12*

*Comhfhreagraithe náisiúnta*

1. Ainmneoidh gach Ballstát comhfhreagraí náisiúnta amháin nó níos mó agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin.

2. Déanfaidh na comhfhreagraithe náisiúnta, go háirithe, na cúraimí seo a leanas:

(a) comhordú a dhéanamh ar ullmhú na faisnéise faoi fhoraoisí atá le comhroinnt faoin Rialachán seo, agus na húdaráis inniúla uile á gcur san áireamh;

(b) comhordú a dhéanamh ar fhreastal saineolaithe ábhartha ar fhaisnéis faoi fhoraoisí agus ar fhaireachán ar fhoraoisí i gcruinnithe grúpa saineolaithe arna n-eagrú ag an gCoimisiún agus ag comhlachtaí ábhartha eile chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú.

3. […]

*Airteagal 13*

*Pleananna fadtéarmacha comhtháite deonacha*

[…]

# CAIBIDIL 4
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 14*

*An tarmligean a fheidhmiú*

[…]

*Airteagal 15*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 16*

*Athbhreithniú*

1. Coinneofar an Rialachán seo faoi athbhreithniú i ngach gné, agus na forbairtí ábhartha a bhaineann le reachtaíocht an Aontais, creataí idirnáisiúnta, dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch, riachtanais faireacháin bhreise agus cáilíocht na faisnéise a chomhroinntear faoin Rialachán seo á gcur san áireamh. Tráth nach déanaí ná [*5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin*], tíolacfaidh an Coimisiún measúnú tionchair lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach chun raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chun na réigiúin is forimeallaí a áireamh agus chun liosta na faisnéise faoi fhoraoisí a oiriúnú dá réir.

2. Faoi [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

*Airteagal 17*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**<u>IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an IARSCRÍBHINN</u>**

## <u>IARSCRÍBHINN I</u>

# LIOSTA NA SONRAÍ FORAOISE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 5(2) AGUS A SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA

[…]

## IARSCRÍBHINN II

# LIOSTA NA SONRAÍ FORAOISE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 5(3) AGUS A SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA

### (a) Limistéar foraoise

**Cur síos:** limistéar na bhforaisí.

**Taifeach spásúil**: náisiúnta agus NUTS2.

**Aonad:** ha.

**Cruinneas**: eatramh muiníne nó earráid chaighdeánach, de réir mar is infheidhme.

**Minicíocht na comhroinnte faisnéise**: bliantúil.

### (aa) Cineál na foraoise

**Cur síos:** limistéar foraoisí de réir cineál duilleach ceannasach (leathanduilleach, nó buaircíneach, nó measctha). Ciallaíonn foraois mheasctha nach sáraíonn buaircíneach ná leathanduilleach 75 % den chlúdach iomlán crann.

**Taifeach spásúil:** náisiúnta agus NUTS 2.

**Aonad**: ha.

**Cruinneas**: eatramh muiníne nó earráid chaighdeánach, de réir mar is infheidhme.

**Minicíocht na comhroinnte faisnéise:** bliantúil.

### (ab) Coillearnach eile

**Cur síos**: limistéar coillearnaí eile, nach bhfuil le soláthar ach amháin más ionann iomlán an limistéir coillearnaí eile agus níos mó ná 5 % den limistéar iomlán atá comhdhéanta d’fhoraoisí agus de thailte coillearnacha eile.

**Taifeach spásúil**: náisiúnta agus NUTS 2.

**Aonad**: ha.

**Cruinneas**: eatramh muiníne nó earráid chaighdeánach, de réir mar is infheidhme.

**Minicíocht na comhroinnte faisnéise**: bliantúil.

### (ac) Bithmhais os cionn talún

**Cur síos:** Bithmhais thirim uile na gcrann beo os cionn na hithreach lena n-áirítear gais, stumpaí, craobhacha, coirt, síolta agus duilliúr.

**Taifeach spásúil:** náisiúnta agus NUTS 2.

**Aonad:** t/ha.

**Cruinneas**: eatramh muiníne nó earráid chaighdeánach, de réir mar is infheidhme.

**Minicíocht na comhroinnte faisnéise**: bliantúil.

### (b) Méid an stoic atá ag fás (in aghaidh an heicteáir)

**Cur síos:** Toirt comhiomlánaithe os cionn na talún de na gais bheo agus de na gais go léir atá ina seasamh thar limistéar foraoise, arna roinnt in aghaidh an speicis crann. San áireamh tá toirteanna gais adhmaid thar choirt—ó airde an stumpa go dtí barr an ghais—de ghais bheo a bhfuil trastomhas acu ag airde uchta níos mó ná 7 cm (airde níos mó ná 1.30 m) agus barr an ghais sin san áireamh. I gcás duilleoga leathana, áirítear leis an toirt freisin brainsí móra a bhfuil trastomhas íosta 7 cm acu.

**Taifeach spásúil:** náisiúnta agus NUTS 2.

**Aonad:** $m^3$ $ha^{-1}$ .

**Cruinneas**: eatramh muiníne nó earráid chaighdeánach, de réir mar is infheidhme.

**Minicíocht na comhroinnte faisnéise**: bliantúil.

### (c) Glanincrimint Bhliantúil (in aghaidh an heicteáir)

**Cur síos:** ollincrimint bhliantúil lúide na meánchaillteanais nádúrtha bhliantúla, i.e. crainn a fhaigheann bás le linn na tréimhse idir dhá shuirbhé ar an láthair faireacháin ar an talamh agus atá fós gan bhuaint san fhoraois, arna roinnt de réir Cineálacha Foraoise Eorpacha.

Sainmhínítear ollincrimint bhliantúil mar mheán incrimint bhliantúil na gcrann beo atá ina seasamh thar limistéar na foraoise le linn na tréimhse idir dhá shuirbhé ar an láthair faireacháin ar an talamh. Sloinntear é i dtéarmaí incriminte méide agus áirítear leis comhpháirteanna fáis crann a bhfuil trastomhas acu ag airde uchta $\geq$ 7 cm. Áirítear leis an incrimint toirte incrimint thar choirt an ghais ó airde stumpa go dtí an trastomhas bairr 7 cm, agus i gcás duilleoga leathana áirítear freisin brainsí móra ag a bhfuil trastomhas íosta 7 cm.

Comhfhreagraíonn glanincrimint bhliantúil d’ollincrimint bhliantúil trí thagairt a dhéanamh don limistéar foraoise sonraithe céanna, don tréimhse chéanna idir dhá shuirbhé ar an láthair faireacháin ar an talamh, agus úsáid á baint as na tairseacha céanna agus na codanna céanna crainn san áireamh.

**Taifeach spásúil:** náisiúnta agus NUTS 2.

**Aonad:** $m^3$ $ha^{-1}$ $bliain^{-1}$ .

**Cruinneas**: eatramh muiníne nó earráid chaighdeánach, de réir mar is infheidhme.

**Minicíocht na comhroinnte faisnéise**: 5 bliana.

**(d)** […]

**(e) Comhdhéanamh agus saibhreas speiceas na gcrann**

**Cur síos:** an sciar den limistéar foraoise ina bhfuil speicis crann (nó ranganna tacsanomaíocha níos ísle, i gcás inarb ábhartha).

**Taifeach spásúil:** náisiúnta agus NUTS 2.

**Aonad:** sciar den limistéar.

**Cruinneas**: eatramh muiníne nó earráid chaighdeánach, de réir mar is infheidhme.

**Minicíocht na comhroinnte faisnéise:** 5 bliana.

**(f) Cineál na Foraoise Eorpaí**

[…]

**(g) Aistrithe**

[…]

**(h) Adhmad marbh**

**Cur síos:** toirt na gcrann marbh ina seasamh agus ina luí agus smionagar adhmadach marbh ina luí, níos mó ná nó cothrom le 10cm ar trastomhas, i limistéar foraoise. Áirítear ar an méid adhmaid mhairbh atá ina sheasamh agus ina luí stumpaí.

**Taifeach spásúil:** náisiúnta agus NUTS2.

**Aonad:** $m^3$ $ha^{-1.}$

**Cruinneas**: eatramh muiníne nó earráid chaighdeánach, de réir mar is infheidhme.

**Minicíocht na comhroinnte faisnéise**: bliantúil.

**(i) Suíomh na ngnáthóg foraoise laistigh de láithreáin Natura 2000**

[…]

**(j) Flúirse éan coiteann foraoise**

[…]

**(k) Limistéar na bhforaoisí príomhúla agus na bhforaoisí seanfháis**

**Cur síos**: limistéar na bhforaoisí príomhúla agus na bhforaoisí seanfháis.

**Taifeach spásúil:** náisiúnta agus NUTS 2.

**Aonad**: ha.

**Amlíne:** Limistéar a roinntear faoin 1 Eanáir 2030.

**Cruinneas**: eatramh muiníne nó earráid chaighdeánach, de réir mar is infheidhme.

### (l) Limistéar foraoise faoi chosaint

**Cur síos**: limistéar na bhforaoisí laistigh de limistéir faoi chosaint, i gcomhréir le tuairisciú ar limistéir arna n-ainmniú go Náisiúnta don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, arna fhorlíonadh le faisnéis maidir lena leibhéil chosanta, lena n-áirítear cosaint dhian, agus na córais bhainistíochta ghaolmhara mar a shonraítear sa reachtaíocht náisiúnta nó i ndoiciméid ábhartha eile.

**Taifeach spásúil:** náisiúnta agus NUTS 2.

**Aonad**: ha.

**Amlíne:** […]

**Cruinneas**: eatramh muiníne nó earráid chaighdeánach, de réir mar is infheidhme.

**Minicíocht na comhroinnte faisnéise**: bliantúil.

### (m) Táirgí adhmaid a tháirgeadh agus a thrádáil

[…]

### (n) Bithmhais foraoise le haghaidh bithfhuinnimh

[…]

**IARSCRÍBHINN III**

TUAIRISCÍ AR SHONRAÍ FORAOISE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 8

[…]

**Iarscríbhinn IIIa (nua)**

# TUAIRISCÍ AR AN bhFAISNÉIS FAOI FHORAOISÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 7(3A)

**(a) Limistéar na ngnáthóg foraoise laistigh de láithreáin Natura 2000**

**Cur síos**: limistéar na ngnáthóg foraoise arna liostú i bpointe 9 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/43/CEE laistigh de láithreáin thábhachta Comhphobail agus limistéir chaomhantais speisialta arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 4 den Treoir sin.

**(b) Innéacs na n-éan coiteann foraoise**

**Cur síos:** faisnéis a chomhlíonann an tuairisc dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1991, Iarscríbhinn VI.

**(c) Bithmhais foraoise le haghaidh bithfhuinnimh**

**Cur síos**: faisnéis maidir le húsáid bithmhaise foraoise le haghaidh táirgeadh fuinnimh atá comhsheasmhach le tuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, Iarscríbhinn IX, Cuid I, pointe (m)(1).

**(d) Nascacht foraoisí**

**Cur síos:** faisnéis a chomhlíonann an tuairisc dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1991, Iarscríbhinn VI.

**(e) Aistrithe**

**Cur síos:** faisnéis a chomhlíonann an tuairisc dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 691/2011, Iarscríbhinn VII, Roinn 3.

**(f) Limistéar foraoise atá ar fáil chun adhmad a sholáthar agus foraois nach bhfuil ar fáil chun adhmad a sholáthar**

**Cur síos:** faisnéis a chomhlíonann an tuairisc dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 691/2011, Iarscríbhinn VII, Roinn 3, mír 1.

**(g) Táirgí adhmaid a tháirgeadh agus a thrádáil**

**Cur síos**: faisnéis maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí adhmaid mar a shonraítear i gCeistneoir Comhpháirteach Earnáil na Foraoise agus sna lámhleabhair úsáideora ábhartha.

**(h) Dóiteáin foraoise**

**Cur síos:** […]

(1) Faisnéis arna soláthar ar bhonn tháirgí an Chórais Eorpaigh Faisnéise maidir le Dóiteáin Foraoise (EFFIS):

i. Teagmhais dóiteáin; agus

ii. Limistéar foraoise dóite.

(2) Faisnéis a chomhlíonann na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit faoi chuimsiú an Ghrúpa Saineolaithe maidir le Dóiteáin Foraoise.

**(i) Sciar na bhforaoisí ag a bhfuil struchtúr corraoiseach**

**Cur síos:** faisnéis a chomhlíonann an tuairisc dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1991, Iarscríbhinn VI.

**IARSCRÍBHINN IV**

# GNÉITHE MOLTA LE hAGHAIDH PLEANANNA FADTÉARMACHA COMHTHÁITE DEONACHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 13

[…]